



VACSÁIN  
COVID-19  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

# Ros Comáin

## Ionad Vacsaínithe FnaSS

### Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí 16/07/2021



Óstán na Mainistreach  
Bóthar na Gaillimhe  
Ros Comáin  
F42 F992

# EOLAS FAOIN IONAD



Tá ionad vacsaínithe FnaSS do Ros Comáin lonnaithe in Óstán na Mainistreach, Ros Comáin. Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

## Láthair:

Bóthar na Gaillimhe, Ros Comáin, Contae Ros Comáin. F42 F992A

Tá léarscáil le fáil ag an nasc seo <https://goo.gl/maps/boaryyZPJZySK6Bk9>



# ROIMH DO CHOINNE



- Gheobhaidh tú cuireadh chuig do choinne trí theachtaireacht téacs (SMS)
- Beidh am, dáta agus láthair do choinne sa téacs.
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas grianghraif (m.sh. pas, ceadúnas tiomána/Cárta Seirbhísí Poiblí). Ní bhfaighidh tú vacsaín gan chárta aitheantais.
- Ba chóir duit éadach scaoilte nó léine le muinchillí gearra a chaitheamh mar go bhfaighidh tú an vacsaín in uachtar do láimhe.
- Ná tar níos luaithe ná 10 nóiméad roimh do choinne agus fan i do charr go dtí 5 nóiméad roimh do choinne ar mhaithe le bainistiú tráchta.
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

## NUAIR A THAGANN TÚ ISTEACH



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach go dtí an t-ionad ón bpríomhbhealach ar Bhóthar na Gaillimhe
- Más ag tiomáint atá tú, treoróidh an fhoireann slándála thú chuig an gcarrchlós
- Ar an mbealach isteach chuig an gcarrchlós, fiafróidh an fhoireann slándála cé thú féin chun a dheimhniú go bhfuil coinne vacsaínithe socraithe duit
- Déanfaidh an fhoireann seiceáil an bhfuil aon comharthaí COVID-19 ort
- Tá spásanna páirceála ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ach ceadúnas a bheith acu
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an tslí isteach - comharthaí buí
- Má tá comrádaí leat, ba chóir dóibh fanacht sa gcarr ach amháin i gcásanna eisceachtúla, más gá dóibh freastal ort



## LAISTIGH DEN IONAD

- D'fhéadfadh go leor daoine a bheith sa scuaine, mar sin fan amach 2 mhéadar ó dhaoine eile
- Glan do lámha le díghalrán ar an mbealach isteach
- Nuair atá do dheis agat dul isteach, treorófar chuig deasc fáiltithe thú chun clárú
- Dearbhóidh an fhoireann do choinne, d'ainm, dáta breithe agus d'uimhir PSP
- Treorófar ansin tú chuig both ar a bhfuil uimhir, chun do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal an vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimhe
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí san ionad breathnóireachta ar feadh 15 nóiméad
- Ba chóir duit an cárta vacsaínithe a choinneáil in áit shábháilte, beidh sé ag teastáil má bhíonn ort an dara dáileog den vacsaín a fháil.
- Tar éis 15 nóiméad is féidir leat an t-ionad a fhágáil tríd an doras éalaithe ar thaobh an tseomra. Glan do lámha le díghalrán sula bhfágann tú.
- Lean na treoracha chun dul amach.